



Treoir WorldWise Global Schools maidir le

SCAFLÁIL A DHÉANAMH AR IMEACHTAÍ, AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS AR THURAIS



Treoir WWGS maidir le Scafláil a dhéanamh ar Imeachtaí, ar Ghníomhaíochtaí agus ar Thuras

Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach scafláil a dhéanamh ar imeachtaí OSD?

Is féidir le himeachtaí, gníomhaíochtaí agus turais a bheith ina ndeiseanna iontacha do dhaltá a bheith ag foghlaim ar bhealaí éagsúla. Mar sin féin, ní eascraíonn tuiscint dhomhain ná scileanna smaointeoireachta criticiúla as imeacht nó gníomhaíocht lae amháin. Cuireann scafláil teagasc agus foghlama le doimhneacht na hanailíse agus bíonn deis ann fiosrú fiúntach a dhéanamh ar théamaí a bhaineann leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD).

Leantar Treoirphrionsabail WWGS sa Treoir Scaflála seo, rud a chinntíonn gur féidir le rannpháirtithe dul chun cinn gníomhach a dhéanamh i dtreo tuiscint dhomhain, chriticiúil ar cheisteanna ceartais dhomhanda.

TREOIRPHRIONSABAIL WWGS

DÍFHOGHLAIM AGUS ATÓGÁIL: An méid atá ar eolas againn a cheistiú agus meon oscailte a choimeád.

BUNCHÚISEANNA A AIMSIÚ: Cúiseanna na héagothroime nó na héagóra a fhiosrú.

TÚS ÁITE DO CHEARTA AN DUINE: Níor cheart go mbeadh dúshaothrú daoine ina thoradh ar ár gníomhartha agus ár réitigh ar cheisteanna domhanda.

NAISC A DHÉANAMH IDIR AN GHNÉ ÁITIÚIL AGUS AN GHNÉ DHOMHANDA: Nasc a dhéanamh idir ceisteanna áitiúla agus ceisteanna domhanda, agus a mhalairt.

GNÍOMHÚ I nDLÚTHPHÁIRTÍOCHT: A bheith ag obair le chéile ar comhchéim chun cur in aghaidh na héagóra.



[Treoirphrionsabail WWGS](#)

Smaointe le haghaidh imeachtaí a bhaineann le OSD ar féidir leis an doiciméad scaflála seo tacú leo: Laethanta Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe, Coicís na Trádála Cóir, Lá na hÉagsúlachta agus na Cuimsitheachta, Díolachán Cácaí chun feasacht a spreagadh, turas allamuigh.

I gcás gach míre thíos, roghnaigh an méid atá ábhartha do d'imeacht, do ghníomhaíocht, do thuras, do cheardlann nó do chainteoir, chun tacú le teagasc agus foghlaim OSD.

1. Ullmhú i gcomhair Imeachta/Gníomhaíochta/Turais/Ceardlainne/Cainteora

Smaoinigh ar na daoine agus na cásanna a léirítear sa phíosa cumarsáide (íomhánna agus téacsanna) agus cinntigh nach bhfuil aon steiréitíopaí, gáifeachas ná idirdhealú i gceist leo.

1. Réamhobair

Nótaí

Ceist nó téama ceartais

dhomhanda: Cad leis a mbaineann an t-imeacht?

Treoirphrionsabail WWGS:

Cé na Treoirphrionsabail a léirítear i d'imeacht, nó atá ceangailte leis?

Cur Chuige Dlúthpháirtíochta:

Má bhaineann an t-imeacht le carthanacht, conas is féidir leat cur chuige dlúthpháirtíochta a ghlacadh, agus seasamh agus oibriú le chéile chun cur i gcoinne córais dhomhanda éagóracha?



NAISC ÚSÁIDEACHA

[Cur chuige dlúthpháirtíochta](#)

Ullmhúchán Roimh Imeacht: An bhfuil dóthain ama leagtha amach agat le haghaidh scafláil a dhéanamh roimh an imeacht?

Rannpháirtíocht: Cé na daoine i bpobal na scoile ar gá dóibh a bheith páirteach ann?

Treoirphrionsabail WWGS: Conas is féidir na Treoirphrionsabail ábhartha a chomhtháthú san imeacht?

Ceardlann sheachtrach nó Cainteoir seachtrach: Cé atá ag teacht agus cén fáth; cén bhaint atá ag an gcainteoir nó ag an gceardlann leis an téama ceartais dhomhanda? An bhfuil taithí shaoil ag an duine sin féin ar an gceist/téama?

Coiste Pleanála: Ar cheart coiste pleanála a bhunú? An bhféadfadh sé a bheith faoi stiúir na scoláirí?

Rannpháirtíocht leis an bPobal: An bhfuil baint ag an imeacht/gníomhaíocht seo leis an bpobal, nó an bhfuil gá le rannpháirtíocht an phobail?

Inbhuanaitheacht an Imeachta: Smaoinigh ar shaolré, ar thréimhse ama, ar dhiúscairt agus ar inbhuanaitheacht na n-ábhar a úsáidtear.

Gníomhaíochtaí: Bain úsáid as gníomhaíochtaí atá bunaithe ar Threoirphrionsabail WWGS le haghaidh foghlaim dhomhain i rith an imeachta.

Uirlis Dianfhiosraithe: Modh chun téama nó ceist ceartais dhomhanda a bhaineann le d'imeacht a fhiosrú go criticiúil.

Piarfhoghlaim agus tionscadail scoláirí: Taighde, cur i láthair, póstaer, ceardlanna, nó bileoga eolais a roinntear le daoine eile mar a mholtar i dTreoir WWGS maidir le Cumarsáid Eiticiúil.

Ceardlanna: Ar chuardaigh tú soláthraithe OSD nó eagraíochtaí ábhartha a d'fhéadfadh ceardlann a chur ar bun ar an téama seo?

Gnéithe curaclaim: Ar shainaithin tú na hábhair churaclaim agus na múinteoirí a d'fhéadfadh an t-imeacht a nascadh le hábhar an ranga?



NAISC ÚSÁIDEACHA

[Gníomhaíochtaí bunaithe ar Threoirphrionsabail WWGS](#)

[Uirlis Dianfhiosraithe](#)

[Treoir WWGS maidir le Cumarsáid Eiticiúil](#)

[Daoine nó eagraíochtaí a thugann Ceardlanna OSD](#)

2. Imeacht/Gníomhaíocht/Turas/Ceardlann/Cainteoir tar éis na gníomhaíochta OSD

1. Machnamh ar an Imeacht

Nótaí

Deis Mhachnaimh: An raibh deis ag na rannpháirtithe ar fad machnamh oscailte, macánta a dhéanamh? Mar shampla, le suirbhé tar éis an imeachta, trí smaointeoireacht, trí phlé oscailte a dhéanamh, nó le ceisteanna agus freagraí.

Buaicphointí an Imeachta: Cad iad na gnéithe is fearr den imeacht, na dúshláin, nó na rudaí a spreag machnamh?

Deiseanna nár tapaíodh: Cad a bhí in easnamh? Cad a d'fhéadfaí a athrú an chéad uair eile?

Tionchar an Chainteora: Cén léiriú a thug na cainteoirí ar dhaoine nó áiteanna a bhaineann leis an gceist ceartais dhomhanda?

Dlúthpháirtíocht seachas Trua: Cén chaoi ar spreag an fhoghlaim dlúthpháirtíocht seachas trua?

Cén chaoi ar comhroinneadh an fhoghlaim le scoláirí agus le baill foirne eile? Má tháinig ceisteanna íogaire, conspóideacha nó dúshlánacha chun cinn roimh an imeacht nó lena linn, an ndeachthas i ngleic leo go hiomlán agus ar fiosraíodh iad sa phróiseas comhroinnte?

An bhfuil sibh ag comhroinnt na foghlama ar ardáin eile nó ag cur an imeachta chun cinn ar na meáin shóisialta, i nuachtlitreacha scoile, i nuachtáin áitiúla, nó ar an raidió?

Ar tiomsaíodh na hacmhainní nó an t-eolas ó aoichainteoirí? Conas a úsáidfear agus a chomhroinnfear iad sin chun cur leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim faoi láthair agus amach anseo?



3. Feasacht a Spreagadh agus Gníomh a Dhéanamh

Nótaí

Cén chaoi ar spreag an t-imeacht feasacht i measc na scoláirí agus na foirne?

Cén chaoi ar léiríodh an fheasacht sin? Mar shampla, ar tháinig athrú ar iompar, ar dheartháí, ar smaointeoireacht de bharr an imeachta?

Cén chaoi ar léirigh an t-imeacht an chaoi a bhfuil an tsaoránacht dhomhanda idirnasctha? An bhfuil na naisc idir an ghné áitiúil agus an ghné dhomhanda soiléir?

Cén chaoi ar thug an t-imeacht seo spreagadh do scoláirí dianfhiosrú a dhéanamh agus féachaint céard iad na cúiseanna is bonn le ceisteanna ceartais dhomhanda?

A Ar spreagadh na scoláirí chun gníomh a dhéanamh maidir leis an gceist seo, cosúil le hagóidí a eagrú, achainíocha a thosú, litreacha a scríobh, a n-iompar a athrú, athruithe córais a chur chun cinn, nó tionchar a imirt ar an scoil agus í ag ceannach ábhar, mar shampla an trádáil chóir nó táirgí a fhaightear go hinbhuanaithe cosúil le páipéar? Cén chaoi ar tugadh tacaíocht dóibh chun é sin a dhéanamh? An dteastaíonn níos mó ama, níos mó acmhainní nó níos mó saineolais chun dul chun cinn a dhéanamh leis an ngníomh seo?

Go n-éirí libh!